



**Scoláireachtaí don MA Nua-Ghaeilge
ar fáil don bhliain acadúil 2021/2022**

Ollscoil Mhá Nuad

Scoláireachtaí don MA Nua-Ghaeilge ar fáil don bhliain acadúil 2021/2022

Beidh ceithre scoláireacht MA ar fiú 3000 Euro an ceann iad á gcur ar fáil ag Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad don bhliain acadúil 2021/2022.

Fáiltítear roimh iarratais ó iarrthóirí atá tar éis cur isteach ar aon cheann de na sruthanna MA Nua-Ghaeilge seo a leanas :

1. Cruinneas, Saibhreas, agus Cumarsáid (Na Meáin)
2. Litríocht agus Critic
3. Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge
4. An MA Nua-Ghaeilge ginearálta

Seo hiad na cóid ar an gcóras PAC ar líne le cur isteach ar aon cheann de na roghanna 1-4 thuas: MHU50 Lánaimseartha NÓ MHU51 Páirtaimseartha.

Treoir d'iarrthóirí na scoláireachta:

1. Ní mór d'iarrthóirí don scoláireacht a bheith tar éis cur isteach ar an MA Nua-Ghaeilge cheana féin trí PAC (MHU50 Lánaimseartha, MHU51 Páirtaimseartha). Is é an sprioc d'iarratais don MA Nua-Ghaeilge ná an **30 Meitheamh 2021**, ach is é an sprioc d'iarratais don scoláireacht ná **01 Lúnasa 2021**.
2. Ní mór d'iarrthóirí a n-uimhir iarratais ó PAC a lua sa bhfoirm iarratais don scoláireacht chun go nglacfar leis an iarratas.
3. Ní mór d'iarrthóirí an t-iarratas a scríobh trí mheán na Gaeilge
4. Iarrtar ar iarrthóirí don scoláireacht atá tar éis cur isteach ar an sruth nua MA i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge sampla dá saothar cruthaitheach a shíneadh isteach leis an iarratas, mar shampla triailfhíseán gearr níos lú ná 5 nóiméad ar fhaid, nó sampla de shaothar cruthaitheach eile, mar shampla píosa scríbhneoireachta cruthaithí nó eile.
5. Is trí fhoirm ar líne a líonadh isteach ag an nasc seo a leanas a chuirtear isteach ar an scoláireacht:
<https://forms.office.com/r/5nhdj0frVh>

Amlíne do Scoláireachtaí MA Nua-Ghaeilge

Seisiún Eolais	23 Meitheamh 2021 ar a 7pm ar Zoom
Sprioclá d'iarratais don MA Nua-Ghaeilge	30 Meitheamh 2021
Sprioclá d'iarratais do scoláireachtaí 3000 Euro	01 Lúnasa 2021

Tuilleadh eolais: nua.ghaeilge@mu.ie